C/2025/2024

1.4.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/2024)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Blaye'

PDO-FR-A0712-AM03

Dáta na teachtaireachta: 13 Eanáir 2025

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach

Leasaíodh pointe IV – Limistéar geografach – den tsonraíocht táirge ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil, lena n-aithnítear agus lena liostaítear na bardais de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta. Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir an limistéar geografach a aithint le tagairt don leagan reatha den Chód Geografach Oifigiúil, a d'eisigh an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Leasaíodh pointe 6 den doiciméad aonair.

2. Limistéar críochaithe

Athraíodh an limistéar dáileachta críochaithe chun nós imeachta a thabhairt isteach chun na dáileachtaí óna mbuaintear na fíonchaora a shainaithint.

Sainaithníonn coiste saineolaithe na dáileachtaí ar bhonn critéar a bhaineann lena suíomh.

Ní mór d'aon táirgeoir ar mian leis dáileacht fíonghoirt a shainaithint iarraidh a sheoladh chuig an ngrúpa, agus cuirfidh an grúpa sin cóip den iarraidh sin ar aghaidh chuig an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta roimh an 31 Márta de bhliain na buainte.

Formheasann coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta liosta na ndáileachtaí nua a shainaithnítear gach bliain tar éis tuairim a fháil ón gcoiste saineolaithe thuasluaite.

Féadfar liostaí na gcritéar agus na ndáileachtaí a shainaithnítear a fháil ón Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta agus ón eagraíocht cosanta agus bainistíochta ábhartha.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

3. Limistéar díreach in aice láimhe

Scriosadh an limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú maidir le fíonsaothrú, táirgeadh agus aosú.

Déanann sé sin difear do phointe 9 den doiciméad aonair.

4. Cineálacha fíniúna

Athraítear an cineál Côt N (nó Malbec) ó chineál tánaisteach go príomhchineál.

Rinneadh athbhreithniú ar na rialacha maidir le sciartha plandála.

In éineacht le chéile, ní mór gur príomhchineálacha fíniúna 85 % de na cineálacha a fhástar, is é sin méadú ó 50 %.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Scriosadh an cion riachtanach de na cineálacha tánaisteacha fíniúna Carmenère N agus Petit Verdot N.

Leasaíodh na rialacha maidir le cumaisc freisin.

Sonraíodh freisin gur fíon cumaiscthe ag a bhfuil dhá chineál fíniúna ar a laghad é an t-ainmniúchán, agus cion Merlot 50 % ar a laghad ann.

Dá réir sin, scriosadh na rialacha maidir le sciartha a bhaineann leis na príomhchineálacha.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

5. **Dlús plandaithe**

Leasaíodh an riail maidir le spásáil idir rónna agus scriosadh an riail maidir le spásáil idir plandaí agus cuireadh foráil nua ina hionad, lena sonraítear nach mór achar uasta 1,67 m^2 a bheith ag gach planda, arna fháil tríd an bhfad idir na rónna a iolrú faoin bhfad idir na plandaí sa ró céanna.

Tá luach 1,67 m^2 comhghaolaithe go díreach le dlús/ha. Níor athraíodh an dlús plandála íosta.

Déanann sin difear do phointe 5.1.1 den doiciméad aonair.

6. **Córais treoraithe – Forálacha agra-chomhshaoil**

Cuireadh isteach na forálacha comhshaoil seo a leanas:

— Ní mór fíniúnacha marbha a bhaint de na dáileachtaí. Ní fhéadfar aon fhíniúin mharbh a choinneáil ar na dáileachtaí.

— Toirmisctear rialú ceimiceach fiailí ar chinnfhearainn.

— Toirmisctear rialú iomlán ceimiceach fiailí ar dháileachtaí.

— Toirmisctear mótú plaisteach.

— Ní mór do gach saothróir fíniúna a n-innéacs minicíochta cóireála a ríomh agus a thaifeadadh.

— Toirmisctear aon athrú substaintiúil ar mhoirfeolaíocht na fo-ithreach, na barrithreach nó eilimintí a ráthaítear sláine agus inbhuanaitheacht ithreacha dáileachta atá beartaithe do tháirgeadh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, cé is moite de threabhadh trinse coitianta.

Tá na leasuithe sin deartha chun aird níos fearr a thabhairt ar an gcomhshaol agus ar éilimh shochaíocha ar níos lú úsáide a bhaint as táirgí cosanta plandaí.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

Tá toirmeasc docht ar shaibhriú anois. Ní dhearnadh an cleachtas sin a bhí údaraithe roimhe seo a chur chun feidhme.

Déanann sin difear do phointe 5.1.3 den doiciméad aonair.

8. **Dáta na gluaiseachta idir trádstórais údaraithe**

Scriosadh dáta theacht i gcúrsaíocht na bhfíonta idir trádstórais údaraithe chun ligean do na fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir na hoibreoirí uile atá lonnaithe sa limistéar.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

9. **Dáta scaoilte lena thomhailt**

Cuireadh an 1 Aibreán in ionad dháta an 31 Márta.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

10. **Nasc**

Rinneadh an chuid den doiciméad aonair dar teideal 'Nasc' (pointe 8) a thabhairt i gcomhréir leis an gcuid sin den tsonraíocht táirge. Rinneadh athbhreithniú ar an roinn maidir le cineálacha fíniúna agus cumasc i gcomhréir leis na leasuithe ar an tsonraíocht táirge.

11. **Bearta idirthréimhseacha**

Na bearta idirthréimhseacha a bhaineann leis an limistéar críochaithe agus leis an dlús plandaithe, tá siad imithe in éag agus scriosadh iad. Scriosadh an ceanglas gaolmhar maidir le taifid a choinneáil freisin.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

12. **Ceanglais maidir le dearbhú**

Cuireadh isteach ceanglas maidir le hoibreacha a dhearbhú roimh ré, i gcomhréir leis an bhforáil agra-chomhshaoil dá bhforáiltear i gcás athrú substaintiúil ar an ithir.

Scriosadh maoluithe ón dearbhú sula ndíoltar fíon i mbulc agus sula n-ullmhaítear don mhargadh é le haghaidh oibreoirí leanúnacha nó leathleanúnacha.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

13. **Tábla na bpríomhphointí atá le seiceáil**

Tugadh an tábla cothrom le dáta i bhfianaise na n-athruithe ar an tsonraíocht táirge.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

14. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta chun í a ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí eile táirge. Níl i gceist leis sin ach leasú eagarthóireachta.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

15. **Athruithe eagarthóireachta eile**

Coigeartaíodh foclaíocht na sonraíochta táirge ar phointí eagarthóireachta amháin.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Blaye

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta dearga tirime socra iad na fíonta. Tá neart alcóil nádúrtha íosta 12 % de réir toirte acu agus tar éis an tsaibhrithe ní théann siad thar an neart alcóil iomlán 14 % de réir toirte. Bíonn cion aigéid mhalaigh 0,3 gram in aghaidh an lítir, nó níos lú ná sin, ag gach baisc fíona a dhíoltar. Bíonn cion siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) 3 ghram in aghaidh an lítir nó níos lú ag gach baisc fíona a dhíoltar. Tá cion aigéadachta luainí níos lú ná 13,27 meq/l, cion atá cothrom leis sin ag gach baisc fíona a dhíoltar i mbulc. Tá cion iomlán dé-ocsaíde sulfair 140 milleagram in aghaidh an lítir, nó níos lú ná sin, ag gach baisc fíona a dhíoltar i mbulc.

Déantar na fíonta dearga socra sin go príomha as an gcineál Merlot N, atá breá oiriúinithe do na taobhanna cnoic cré-aolchloiche, áit a mbaineann sé leibhéal ard aibíochta amach. Tugann sé fíonta tathagacha cumhachtacha a bhfuil dath dearg láidir orthu, agus blasanna diana aramatacha torthaí dearga, a athraíonn go minic le linn aosú go blasanna spíosra.

Maidir le cumaisc leis na príomhchineálacha eile, is iad sin Cabernet Franc N agus Cabernet Sauvignon N, cuirtear isteach úire agus struchtúr dá mbarr rud a fheabhsaíonn acmhainneacht aosaithe agus castacht aramatach na bhfíonta. Tugann Côt N (nó Malbec), ar príomhchineál é freisin, fíonta atá oiriúnach go háirithe lena n-aosú, atá saibhir ó thaobh tainniní de, atá tiubhaithe, atá cumhachtach agus atá an-daite, ar fíonta iad lena ngabhann blasanna spíosra agus torthaí dubha.

Ar deireadh, cuireann cineálacha tánaisteacha amhail Carmenère N nó Petit Verdot N le saibhreas agus le castacht na bhfíonta sin.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Dlús plandaithe

An modh saothraithe

Is é 6 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha.

Is é 2 méadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna.

Bíonn achar ag gach planda nach mó ná 1,67 m^2, déantar an figiúr sin a ríomh tríd an fad idir sraitheanna agus an fad idir plandaí sa tsraith chéanna a iolrú.

2. Rialacha maidir le prúnáil

An modh saothraithe

Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí.

Ní údaraítear ach prúnáil spoir nó cána, agus uasmhéideanna ann mar a leanas:

— 45 000 bachlóg in aghaidh an heicteáir don chineál Merlot N;

— 50 000 i gcás na gcineálacha eile.

Is é 10 líon uasta na mbachlóg in aghaidh an phlanda.

3. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Toirmisctear saibhriú.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sna bardais seo a leanas:

Roinn Gironde

Anglade, Berson, Blaye, Braud-et-Saint-Louis, Campugnan, Carranna, Cartelègue, Cavignac, Cézac, Civrac-de-Blaye, Cubnezais, Donnezac, Etauliers, Eyrans, Fours, Générac, Laruscade, Marcenais, Marsas, Mazion, Plassac, Pleine-Selve, an chuid de bhardas Pugnac ar le Lafosse í sular chumaisc siad an 1 Iúil 1974, Reignac, Saint-Androny, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Ciers-sur-Gironde, Saint-Genès-de Blaye, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Mariens, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Palais, Saint-Paul, Saint Savin, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saugon agus Val de Livenne.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carménère N

Côt N - Malbec

Merlot N

Petit Verdot N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc:*

Tá limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, 'Blaye', suite sa chuid thuaidh de roinn Gironde, ar bhruach deas inbhear Gironde. Mar gheall ar an inbhear a bheith ann, agus aer na farraige a bheith ag teacht isteach ón aigéan, mar aon le tréimhse mharthanach sholas na gréine (240 lá in aghaidh na bliana), tugtar aeráid mheasartha, lena ngabhann dálaí an-fhabhrach don fhíonsaothrú, don réigiún seo. Tá 40 bardas sa limistéar geografach seo ó na trí iar-chantún, Blaye, Saint-Ciers-sur-Gironde agus Saint-Savin.

Cruthaíonn an aeráid aigéanach, a bhíonn cumaiscthe i roinnt blianta le lagbhrú an fhómhair agus báisteach nó, os a choinne sin, séasúir dhéanacha theo agus an-ghrianmhara, cruthaíonn sí 'éifeacht na bliana fíona'.

Tá trí chineál struchtúr talún ann i gceantar Blaye: cuid inbhearach de leicne thaobhanna cnoic aolchloiche a dhraenáiltear siar agus siar ó dheas ag gréasán gearr dlúth uiscebhealaí, cuid inmheánach ag a bhfuil ardchlár níos créúla a dhraenáiltear ó thuaidh ag gréasán fada uiscebhealaí, rud a fhágann nach bhfuil ach fíorbheagán ilroinnte ann sa tírdhreach agus, ar deireadh, réigiún cúlchríche níos gainmhe ó thuaidh agus soir nach bhfuil ach líon beag sruthchúrsaí gearrshaolacha ann nach bhfuil acu ach tionchar topagrafaigh an-bheag.

Léirítear éagsúlacht gheolaíoch an réigiúin i gcineál na hithreach. Tá sraith thanaí ithreach doinne ann sa bhonn aolchloiche, agus leibhéal íseal cré ann agus is minic gur de chineál reinsíne í. Laistigh den ardchlár, éiríonn an ithir dhonn níos créúla, agus bíonn sí níos cosúla le gaineamh ar na fánaí. I dtuaisceart agus in oirthear an limistéir gheografaigh, bíonn dath na hithreach áitiúla, ina n-áirítear gaineamh agus gairbhéal, sa raon ó liath go dubh de ghnáth agus is ithir aigéadach í a bhíonn ina luí go minic ar fho-ithir fheireach de chineál 'cruachiseal'. Bíonn cruthanna éagsúla ar na podsail sin. Bunaíodh saintréithriú beacht na gcineálacha éagsúla ithreach atá i limistéar geografach an ainmniúcháin 'Blaye' trí shuirbhéireacht ithreach a rinneadh i mí na Bealtaine 2015.

Dá réir sin, tá dhá phríomhchineál tírdhreacha ann i limistéar geografach an ainmniúcháin 'Blaye'. Tá ardchláir agus fánaí ann go forleathan i limistéar an inbhir agus gné shuntasach díobh is ea an fhíonsaothrú. Agus an ceantar bunaithe timpeall bhaile Blaye, agus dhúnfort Blaye, tá bailte beaga tuaithe, sráidbhailte agus gráigeanna scaipthe ar fud na bhfíonghort, agus tá roinnt limistéar beag coillearnaí ann go háirithe sna gleannta. Ar ardchláir na coda thoir, fástar fíniúnacha taobh le feirmeoireacht bheostoic agus is minice ná a mhalairt a bhíonn na fíniúnacha ann i bhfoirm talamh réitithe laistigh de thimpeallacht fraochmhá nó coillearnaí péine muirí.

8.2. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Ón aimsir anallód, chuir na Rómhánaigh a bhí lonnaithe sa réigiún seo tús le fíonsaothrú agus thosaigh siad ag forbairt na trádála fíona. D'fhás eastáit fíona go tapa feadh chladach an inbhir agus bhíothas in ann tairbhe a bhaint as iompar muirí dinimiciúil a bhí faoi bhláth an tráth sin.

Sna Meánaoiseanna, bhí fíonghoirt teoranta do chomharsanacht Chalafort Blaye. Faoi Louis XIV, neartaíodh suíomh straitéiseach bhaile Blaye nuair a thóg Vauban an dúnfort. Chuir an ghairm mhíleata nua sin isteach go mór ar ghníomhaíocht tráchtála sa réigiún.

Le linn an 18ú haois, agus suaimhneas de chineál i réim arís sa limistéar, mar thoradh ar thurgnamh a bheith ar siúl le cineálacha fíniúna nua, le modhanna saothraithe barrfheabhsaithe agus le próisis fíonóireachta nuálacha, amhail aosú i mbairillí agus ansin i mbuidéil agus úsáid á baint as an teicníc 'coinneal ruimhchloiche' ('cipín Dúitseach' sa Fhraincis) lenar ghabh buaiceas sulfarthumtha (ENJALBERT, H. *La naissance des grands vins et la formation du vignoble moderne de Bordeaux: 1647-1767, 1978*), tharla athbheochan sa mhargadh fíona, mar aon le rath a bheith arís air.

Níor sparáladh fíonghoirt sa réigiún seo ó sciúirseálacha an 19ú haois (coincleach phúdrach, coincleach agus mola fíniúna). Tháinig meath ar tháirgeadh fhíon Blaye dá bhrí sin in 1853 go 10 % den ghnáthbhuaint. Ag tús an 20ú haois, tar éis imeachtaí i gcoinne úinéir talún, sainíodh i mbreithiúnas ó Chúirt Shibhialta Blaye an 18 Iúil 1929 an t-ainmniúchán 'Blaye' nó 'Blayais' le haghaidh fíonta dearga agus geala a tháirgtear sna trí chantún Blaye, Saint-Ciers-sur-Gironde agus Saint-Savin. Deimhníodh an limistéar geografach le Foraithne an 11 Meán Fómhair 1936, lena n-aithnítear an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Blaye' nó 'Blayais'.

Tar éis laghdú ar éilimh ag deireadh na 1980idí, rinne *Syndicat viticole des appellations 'Blaye' et 'Premières Côtes de Blaye'* (Aontas Fhíonsaothróirí Blaye agus Premières Côtes de Blaye) athbhreithniú ar choinníollacha táirgthe. Leagadh síos na coinníollacha táirgthe sin ar dtús i gcairt agus ansin sa tsonraíocht táirge.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Cuireann an réigiún seo, atá suite ag an acomhal idir ranna Gironde, Charente agus Charente Maritime, éagsúlacht timpeallachtaí agus tírdhreach ar fáil inar éirigh le saothróirí fíona féiniúlacht choiteann a chruthú le himeacht aimsire. Cé gur spreag saineolas áitiúil saothróirí fíona chun fíonta dearga agus geala a tháirgeadh, is iad cineálacha dearga is mó atá á bplandáil sna fíonghoirt ón tráth a aithníodh na hainmniúcháin.

I measc sheanfhíonghoirt Bordeaux, ba ghá cineálacha faoi ainmniúchán 'Blaye', a shaothraítear in aeráid aigéanach, a fhás ar chuaillí ón 18ú haois ar aghaidh. Ina dhiaidh sin, rinneadh ginearálú ar threilísiú agus ar mhodh prúnála a bhí sách dian lena áirithiú go raibh na fíonchaora dáilte go maith agus go raibh ceannbhrat dóthanach ann le haghaidh fótaisintéise chun an aibíocht optamach a cheadú.

Tá draenáil leordhóthanach (nádúrtha nó de dhéantús an duine) ag na hithreacha ar a bplandaítear na fíniúnacha, ag dlúis ard go háirithe don réigiún, agus is iad na hithreacha sin is foinse do neart agus maothlachas na bhfíonta.

A bhuí le saintréithriú beacht na n-ithreacha sa limistéar ainmniúcháin, déanann na dáileachtaí, a roghnaíodh go cúramach ar ardchláir nó ar fhánaí den chuid is mó, cáilíochtaí na gcineálacha áitiúla a bharrfheabhsú, ar cineálacha iad a roghnaíodh go stairiúil mar gheall ar a gcáilíocht coinneála agus a n-oiriúnacht maidir le haosú, ionas go bhféadfaí na fíonta a iompar thar achair fhada. Chun buaint shásúil a áirithiú gan na fíniúnacha a ró-ualú, agus ar an gcaoi sin cion ard torthaí a ráthú, tá an dlús plandaithe ard.

Déantar na fíonta a aosú go dtí an 15 Márta den bhliain tar éis na buainte ar a laghad. Tá gá leis an tréimhse fhada aosaithe sin chun cáilíochtaí an fhíona a chobhsú, a scagadh agus a fheabhsú.

Is seod é 'Blaye' anois i raon na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá ann in Gironde Thuaidh.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' a shonrú ar a lipéid.

Ní ceadmhach méid na litreacha a úsáidtear le haghaidh an aonaid gheografaigh níos leithne seo a bheith níos mó, ó thaobh airde ná leithid de, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena bhfoirmítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-7b05ccc5-8789-4e3c-abea-2774b314886b